Comhairle AE

PRESS
GA

PREASEISIÚINT
467/17
17/07/2017

# Príomhthorthaí chruinniú na Comhairle Gnóthaí Eachtracha maidir leis an Libia

## Conclúidí ón gComhairle

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an Libia. **Is díol sásaimh don Aontas é gur ceapadh Ghassan Salamé mar Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe**, a mbeidh ról lárnach idirghabhála aige bunaithe ar Chomhaontú Polaitiúil na Libia.

Aithnítear sna conclúidí gur bagairt é an foréigean a tharla le déanaí ar chobhsaíocht na Libia. Creideann an tAontas **nach aon réiteach ar ghéarchéim na Libia úsáid na láimhe láidre**. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a cuid tacaíochta láidir do Chomhaontú Polaitiúil na Libia, agus don Chomhairle Uachtaránachta agus don Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta faoi stiúir Phríomh-Aire Sarraj Fayez, dhá údarás a bunaíodh faoi mar údaráis dhlisteanacha aonair rialtais na tíre. Iarrann an tAontas ar na grúpaí armtha uile staonadh ón bhforéigean, tabhairt faoin ndíshlógadh agus aitheantas a thabhairt do na húdaráis sin arb iad amháin a bhfuil sé de cheart acu faoi Chomhaontú Polaitiúil na Libia forsaí cosanta agus slándála na Libia a rialú.

- Léigh téacs iomlán na gconclúidí ón gComhairle maidir leis an Libia
- Caidreamh idir an tAontas agus an Libia (Bileog eolais)

## Gníomhaíochtaí CBSC

Chomhaontaigh an Chomhairle freisin síneadh a chur le misean **EUBAM na Libia** go dtí an 31 Nollaig 2018. Faoi láthair tá EUBAM na Libia ag cabhrú agus ag obair le húdaráis na Libia i ndáil le bainistiú teorainneacha, le forghníomhú an dlí agus le ceartas coiriúil, agus béim ar leith ar dheisceart na Libia. Oibreoidh an misean freisin i ndáil leis an bpleanáil do mhisean sibhialta eile a d'fhéadfaí a sheoladh ar mhaithe le fothú acmhainní agus cúnamh géarchéime.

Leag an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá Oibríocht Sophia. Is oibríocht chabhlaigh de chuid an Aontais í **oibríocht EUNAVFOR MED Sophia** a ceapadh le samhail ghnó na smuigléirí daoine agus na ngáinneálaithe ar dhaoine a chur ó mhaith i ndeisceart na Meánmhara Láir. Tá dhá chúraim bhreise ar an oibríocht freisin, eadhon oiliúint a chur ar Gharda Cósta agus ar Chabhlach na Libia agus rannchuidiú le cur chun feidhme thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe.

- Suíomh gréasáin EUNAVFOR MED Oibríocht Sophia
- EUBAM na Libia

## Smachtbhannaí

Chun samhail ghnó na smuigléirí agus gáinneálaithe daoine a shuaitheadh tuilleadh, thug an Chomhairle isteach **srianta ar onnmhairiú agus soláthar báidíní inséidte agus innill transaim don Libia**. Beidh bunús slí anois ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh chun cosc a chur ar onnmhairiú nó ar sholáthar na n-earraí sin don Libia, áit ar dóchúla ná a mhalairt é go mbeadh siad á n-úsáid ag smuigléirí agus gáinneálaithe ar dhaoine. Beidh feidhm ag na srianta freisin maidir le báidíní agus mótair a chuirtear d'idirthuras tríd an Aontas Eorpach ar an mbealach chuig an Libia. Leis na srianta a glacadh inniu ní chuirfear cosc ar an hearraí sin a onnmhairiú nó a dhíol chun críocha úsáidí dlisteanacha i measc an daonra shibhialta, mar shampla le haghaidh iascairí, a mbeadh mótair ag teastáil dá gcuid bád b'fhéidir.

- Rialachán ón gComhairle an 17 Iúil 2017 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise cúrsaí sa Libia
- Teacht ar réitigh i ndáil leis an mbrú imirce (cúlra faisnéise)

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press